Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Bealtaine 2022**
**(OR. fr)**

**9175/22**

**ESPACE 55**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | *Ullmhúchán don Chomhairle Iomaíochais (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás), an 9 agus an 10 Meitheamh 2022*<br>Athléimneacht agus iomaíochas chlár spáis an Aontais<br>*Díospóireacht bheartais* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo nóta cúlra don díospóireacht ghinearálta bheartais a bheidh ag an gComhairle Iomaíochais – an Spás, an 10 Meitheamh 2022.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**AN CHOMHAIRLE IOMAÍOCHAIS (AN MARGADH INMHEÁNACH, AN TIONSCLAÍOCHT, AN TAIGHDE AGUS AN SPÁS) – an 10 Meitheamh 2022**

**Réimse AN SPÁIS**

***<u>Díospóireacht bheartais</u>***

***<u>Athléimneacht agus iomaíochas chlár spáis an Aontais</u>***

**Comhthéacs**

1. Iarrtar ar an gComhairle dréacht-Chonclúidí a ghlacadh maidir leis an gclár Copernicus faoi 2035, bunaithe ar thrí cholún: an Comhaontú Glas, an t-aistriú digiteach agus an tslándáil d'fhonn cur le hathléimneacht na hEorpa. Moltar sna conclúidí sin moltaí agus treoshuímh le haghaidh thodhchaí chlár Copernicus, agus béim á leagan go háirithe ar a mhéid a chuidíonn an clár linn dul i ngleic le dúshláin aeráide, gníomhaithe nua a chuimsiú sa gheilleagar spáis chun ollstruchtúr an spáis a chomhlánú agus chun cur lena athléimneacht agus ar a mhéid a chuidíonn an clár linn dul i ngleic le dúshláin slándála an Aontais.

2. Iarrtar ar an gComhairle freisin dréacht-Chonclúidí a ghlacadh maidir le cur chuige an Aontais i leith bainistiú spástráchta, agus é bunaithe ar thrí cholún: cumas faireachais agus rianaithe an Aontais a neartú; an rialáil agus an caighdeánú a chomhordú; agus guth an Aontais ar an ardán idirnáisiúnta a neartú chun an cur chuige coiteann sin a chur chun cinn.

3. I mí Feabhra 2021, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht maidir le Plean Gníomhaíochta i ndáil le sineirgí idir an tionscal sibhialta, tionscal na cosanta agus tionscal an spáis, ag tagairt do dhá thionscadal shuaitheanta nua de chuid an Choimisiúin i dtaobh bainistiú spástráchta agus nascacht shlán. Ag an gcruinniú a bhí ag na Cinn Stáit in Versailles i mí an Mhárta 2022, athdhearbhaíodh, go háirithe, gur gá tuilleadh a infheistiú i gcumais tacaíochta straitéiseacha amhail an chibearshlándáil agus nascacht spásbhunaithe. Ina theannta sin, tá Straitéis Spáis don tSlándáil agus don Chosaint á hullmhú ag an gCoimisiún agus ag an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí.

**Na dúshláin nua a bhaineann leis an athléimneacht agus leis an iomaíochas**

4. Tá cláir tagartha spáis dhomhanda forbartha ag an Aontas Eorpach lena dtairgtear seirbhísí ceannasacha Eorpacha i dtaobh fhaire na cruinne agus loingseoireacht satailíte. Rinne an Coimisiún Eorpach iad a chomhtháthú i gclár spáis in 2021 agus chuir sé dhá chomhpháirt nua leis: faireachas spáis agus cumarsáid rialtais. I mí Feabhra 2022, mhol an Coimisiún clár nua maidir le nascacht slán íseal-aga folaigh satailítí, clár atá á phlé faoi láthair agus a d’fhéadfadh bonneagar spáis na hEorpa a chomhlánú. Cuireann na cláir sin go mór le hathléimneacht an Aontais Eorpaigh a bhuí leis na seirbhísí a sholáthraíonn siad, mar shampla cumais suite nó faireacháin níos uathrialaithí, an t-athrú aeráide a chomhrac, nó rochtain dhomhanda ar theileachumarsáid satailíte a ráthú agus a dhaingniú, rud atá riachtanach i gcásanna bainistithe géarchéime. Is ar thionscal Eorpach iomaíoch agus ar thús cadhnaíochta domhanda atá siad bunaithe.

5. Is limistéar straitéiseach le haghaidh dhea-fheidhmiú gheilleagar agus shlándáil na hEorpa é an spás; fós féin is mó an choimhlint agus an plódú atá anois ann ná riamh cheana. Tá dhá chur chuige chomhlántacha ann: an spásrás a athbheochan á mhaoiniú ag na mórchumhachtaí spáis agus rannpháirtíocht na ngníomhaithe príobháideacha a mhéadú, a mbeadh treochláir á n-úsáid acu seo a bheadh comhlántach le huaillmhianta na mórchumhachtaí sin. Chun déileáil leis an timpeallacht sin, ní mór don Aontas a sheasamh a leagan síos go tapa agus na dúshláin a bhaineann leis an athléimneacht agus leis an iomaíochas a chur i dtoll a chéile, rud a fhágann gur gá smaoineamh fúthu le chéile.

6. Tá athléimneacht chlár spáis an Aontais Eorpaigh ag brath, thar aon ní eile, ar rochtain neamhspleách shlán inacmhainne ar an spás agus ar mháistreacht a fháil ar theicneolaíochtaí spáis. Ní hann do bheartas spáis Eorpach gan rochtain neamhspleách ag an Eoraip ar an spás. Ní mór dúinn an t-iomaíochas, an tsolúbthacht agus an fhreagrúlacht a neartú sa réimse seo. Tríd is tríd, le spleáchas an Aontais ar thríú tíortha i dtaobh réitigh, príomhtheicneolaíochtaí nó soláthairtí criticiúla (amhábhair phróiseáilte agus ardábhair, comhpháirteanna), d’fhéadfadh sé go mbainfí d'iarrachtaí an Aontais i ndáil lena slándáil agus a neamhspleáchas féin a chur chun cinn agus, dá réir sin, go mbainfí freisin den leibhéal neamhspleáchais atá ag córais an Aontais a bhfuil cumhdach domhanda acu ó thaobh loingseoireachta satailíte, faire an domhain agus cumarsáid satailíte de. Ba cheart ár n-iarrachtaí maidir le neamhspleáchas teicneolaíochta a neartú go háirithe trí Fís Eorpach agus trí dhlús a chur leis an obair chun rochtain a fháil ar amhábhair chriticiúla, luachshlabhraí agus slabhraí soláthair atá ríthábhachtach don chlár spáis, go háirithe i réimsí straitéiseacha a d’fhéadfadh a bheith faoi réir brú seachtrach. Beidh tiomantas gearrthéarmach de dhíth agus costais le n-íoc ar mhaithe le athléimneacht mura bhfuil an tAontas ag iarraidh díol as a spleáchas ar chumhachtaí eile.

7. Iarrtar ar an gComhairle féachaint ar bhealaí chun feabhas a chur ar fhaireachán agus ar chosaint bhonneagair spáis an Aontais agus chun a áirithiú go mbeidh teacht aniar iontu. Tá méadú ag teacht ar an neamhchosaint atá ag an mbonneagar spáis ar rioscaí tionóisceacha amhail imbhuailtí le satailítí eile nó le smionagar eile agus le trasnaíocht radaimhinicíochta, chomh maith le bagairtí d'aon ghnó amhail ionsaithe i bhfithis nó tachtadh. Ar mhaithe leis an mbonneagar spáis a chosaint níos fearr, d'fhéadfaimis teicneolaíochtaí sonracha nó pálastaí sonracha a fhorbairt, cur chuige slándála, inbhuanaitheachta agus coisc a ghlacadh agus córais nua spáis á ndearadh agus le linn fhorbairt agus shaolré chomhpháirteanna/chórais an chláir spáis atá ann cheana, nó d'fhéadfaimis teicneolaíochtaí nua a chomhtháthú. Cuideoidh na cúraimí breise sin le hiomaíochas thairiscint na hEorpa a neartú ar an leibhéal is fearr is féidir.

8. Is mór an deis é teacht chun cinn gníomhaithe nua san Eoraip – an Spás Nua – d'iomaíochas ár dtionscal agus d'athléimneacht ár gclár amach anseo. Ag tógáil go háirithe ar obair an Choimisiúin faoin CASSINI, beidh orainn féachaint conas is féidir acmhainneacht na dteicneolaíochtaí, na seirbhísí nó na dtáirgí agus na bpróiseas nua tionsclaíoch atá ag na gníomhaithe nua sin a uasmhéadú agus iad a chomhtháthú go cinntitheach i bhforbairt an bhonneagair nua agus i nuachóiriú an bhonneagair atá ann cheana nó i bhforbairt agus isoláthar seirbhísí nua.

9. Lena Chlár Spáis, tá sócmhainní spáis ar leith ag an Aontas Eorpach, a bhfuil rath ar leith orthu. Ba cheart dúinn féachaint ar conas is féidir an méid a chuireann siad leis an tslándáil agus leis an gcosaint a neartú, agus measúnú a dhéanamh ar na riachtanais agus ar na dálaí a bhaineann le forbairt seirbhísí sonracha a mbeadh múnlaí rialachais leordhóthanacha acu lena n-urramófaí leasanna slándála na mBallstát. Ina theannta sin, tá inniúlacht ag an gComhairle agus ag an Ardionadaí freagairt ar bhagairtí nó ar ionsaithe ar sheirbhísí criticiúla spáis an Aontais faoin gCinneadh ón gComhairle maidir le Gníomhaíocht Chomhpháirteach (Cinneadh 2021/698 CBES). Le haiseolas maidir le cur chun feidhme an chinnidh sin i gcomhthéacs an chogaidh san Úcráin, d'fhéadfaí an cinneadh a athrú chun feabhas a chur ar fhreagairt an Aontais ar na bagairtí méadaitheacha agus chun dlúthchomhar leis na Ballstáit a áirithiú. Sa chomhthéacs sin, ní mór dúinn machnamh a dhéanamh ar na saincheisteanna sin d'fhonn cur go héifeachtach leis an obair ar an Straitéis Spáis don tSlándáil agus don Chosaint.

**Ceist**

Cad iad na bearta ba cheart don Aontas agus dá Bhallstáit a dhéanamh chun athléimneacht Chlár Spáis an Aontais a neartú agus chun é a chothromú le dúshláin an iomaíochais?